**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0176/2021**

28.5.2021

***

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus
(11441/2020 – C9-0027/2021 – 2020/0258(NLE))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Maria Grapini

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH ..........................................9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus**
**(11441/2020 – C9-0027/2021 – 2020/0258(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle 11441/2020,

– ag féachaint don Dreáchtphrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (11442/2020),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 91 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0027/2021),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0176/2021),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**An Prótacal a ghabhann le Comhaontú Interbus:**

Tagann an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus in ionad an Phrótacail a ghabhann le Comhaontú Interbus a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019 ach nár síníodh é ach ag an Aontas ag an am. Ós rud é nach raibh aon Pháirtí Conarthach eile ann, níorbh fhéidir an Prótacal a thabhairt i bhfeidhm agus fuair an Coimisiún sainordú nua chun dul i mbun caibidlíochta i le haghaidh leasaithe nua ar an bPrótacal, chun athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh maidir lena shíniú agus lena theacht i bhfeidhm. Toradh na gcaibidlíochtaí seo is ea an leagan reatha den Phrótacal.

Ní chumhdaítear leis an bPrótacal ach na forálacha a bhí riachtanach chun Comhaontú Interbus a leathnú chun iompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a chumhdach, gan rialacha comhchoiteanna an Phríomhchomhaontaithe a leasú ná a athlua. Mar sin féin, leagtar béim ann ar fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 i dtaca le pionóis agus leis na sáruithe is tromchúisí agus cloítear leis an oibleagáid chun na ceithre choinníoll maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompar paisinéir de bhóthar a chomhlíonadh ann: bunaíocht éifeachtach agus chobhsaí, dea-chlú, acmhainneacht airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil. Ina theannta sin, chun caighdeán seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta a choimirciú agus urraim do na rialacha a áirithiú, ní féidir le Páirtí Conarthach Prótacal a shíniú, a thabhairt chun críche, a dhaingniú ná aontú dó ach amháin má tá sé tar éis an Príomhchomhaontú Interbus a shíniú, a thabhairt chun críche, a dhaingniú nó aontú dó.

**Nós Imeachta**

Chun an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt chun críche, caithfidh an Chomhairle toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 218 CFAE.

I gcomhréir le Rialacha 105 agus 114(5), (7) agus (8) de rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an coiste freagrach moladh a thíolacadh chun an gníomh molta a fhormheas nó a dhiúltú. Ansin glacfaidh Parlaimint na hEorpa cinneadh trí vótáil aonair, agus ní fhéadfar aon leasú ar an gComhaontú a chur síos. Ní bheidh leasuithe i gcoiste inghlactha ach amháin má tá sé mar aidhm acu an moladh atá molta ag an Rapóirtéir a fhreaschur.

**Seasamh an Rapóirtéara**

Is earnálacha tábhachtacha den gheilleagar iad iompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, lena soláthraítear poist agus réitigh soghluaisteachta inacmhainne do shaoránaigh Eorpacha agus do chuairteoirí araon. Bheadh leathnú na seirbhísí sin lasmuigh de AE ina bhuntáiste mór do shaoránaigh AE, do thurasóirí eachtracha, agus do thionscal na turasóireachta ina iomláine, go háirithe i gcomhthéacs an ghá atá ann do gheilleagar na hEorpa, agus don turasóireacht go háirithe, téarnamh a dhéanamh go tapa agus go héifeachtúil i ndiaidh ghéarchéim reatha Covid19. Cruthaíonn úsáid iompar paisinéirí de chóiste agus de bhus deis do phaisinéirí taisteal ar phraghas níos inacmhainní

chuig na cinn scríbe chéanna a d'fhéadfaidís a shroicheadh d’eitleán nó de thraein.
I bhfianaise an mhéid sin thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfadh coiste TRAN moladh fabhrach i leith thabhairt chun críche an Phrótacail.

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt chun críche Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus |
| **Tagairtí** | 11441/2020 – C9-0027/2021 – 2020/0258(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 17.2.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | TRAN<br>8.3.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Maria Grapini<br>16.11.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.5.2021 |
| **Dáta na vótála críochnaithí** | +: 42<br>–: 3<br>0: 3 |
| **Na Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Johan Danielsson, Karima Delli, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Tomasz Piotr Poręba, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Feisirí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly, Roman Haider, Jutta Paulus, Marianne Vind |
| **Dáta don chur síos** | 28.5.2021 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH SA CHOISTE FREAGRACH

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren, Tomasz Piotr Poręba, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| CLÁR | Mario Furore |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Johan Danielsson, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Vera Tax, István Ujhelyi, Marianne Vind, Petar Vitanov |
| Grúpa ‘The Left’ | Clare Daly, Kateřina Konečná, Elena Kountoura |
| Glasaigh/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Jutta Paulus |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Julie Lechanteux, Philippe Olivier |
| NI | Dorien Rookmaker |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Marco Campomenosi, Roman Haider, Lucia Vuolo |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh